Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

2023/2113(INI)

29.11.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar thuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta
(2023/2113(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Adrián Vázquez Lázara

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

Faisnéis Ghinearálta

1. á mheabhrú go bhfuil struchtúr dlíthiúil an Aontais bunaithe ar an mbuntuiscint go gcomhroinneann gach Ballstát tacar luachanna comhchoiteanna leis na Ballstáit uile eile, ar a bhfuil an tAontas bunaithe, mar atá luaite in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach[1]; á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil an smacht reachta, mar a chumhdaítear i ndlí príomha an Aontais agus mar a shainmhínítear tuilleadh é i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), cosúil leis an daonlathas agus le cearta bunúsacha; á mheabhrú go bhfuil an smacht reachta agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe ríthábhachtach chun leathadh réimeas forlámhach agus sárú ar an dlí idirnáisiúnta a chomhrac agus chun cabhrú le struchtúir dhaonlathacha a chomhdhlúthú agus cearta an duine a chosaint; á chur i bhfáth go ndéanann aon chúlú ón smacht reachta, atá bunaithe ar scaradh agus ar chothromú cumhachtaí, in aon Bhallstát ar leith, difear suntasach don chomhlimistéar saoirse, slándála agus ceartais, chomh maith le prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh mar phríomhphrionsabail de dhlí an Aontais sa réimse sin[2];

2. á chur in iúl gur geal léi an ceathrú Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta (‘an Tuarascáil’) agus á mheas gur uirlis faireacháin riachtanach é an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar an smacht reachta; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí agus atá sé don Choimisiún critéir shoiléire oibiachtúla a úsáid agus é ag déanamh a mheasúnaithe, lena seachnófar dá bhrí sin, maímh nár déileáladh leis na Ballstáit go cothrom nó an úsáid a bhainfear as sonraí roghnaitheacha amháin; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, cur chuige an Choimisiúin a bhaineann le rannchuidiú a fháil ó na Ballstáit, a chothaíonn idirphlé comhchoiteann dá bhrí sin; á chur in iúl gur geal léi an t-aicmiú nua arna ghlacadh ag an gCoimisiúin a mhéid a bhaineann leis an dul chun cinn ar mholtaí a rinneadh a thomhas, trí úsáid a bhaint as ceithre chatagóir: (a) gan dul chun cinn, (b) roinnt dul chun cinn, (c) dul chun cinn suntasach, agus (d) cur chun feidhme iomlán; i bhfianaise na bhfadhbanna a bhaineann le sonraí staidrimh a bhailiú ag na Ballstáit, á chur i bhfios a úsáidí atá uirlisí Chomhairle na hEorpa amhail na tuarascálacha ó Choimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais Chomhairle na hEorpa (CEPEJ)[3], a chruthaíonn dá bhrí sin, a mhéid is féidir, cóineasú idir na foinsí ionchuir éagsúla sonraí;

Ceartas

3. á aithint a thábhachtaí atá córais cheartais sa tuairisciú ar an smacht reachta, go háirithe i leith dhlíthiúlacht, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna agus

[1] Féach tuairim 2/2013 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Iomlán) an 18 Nollaig 2014, ECLI:AE:C:2014:2454, mír 168.
[2] *Ibid.*, mír 191.
[3] Timthriallta meastóireachta CEPEJ.

ceapacháin bhreithiúnacha, arduithe céime, dífhostuithe agus cinntí breithiúnacha; á aithint nach ann do chóras ainmniúcháin breithiúna atá comhchoiteann ar fud an Aontais; á mheabhrú, áfach, gur gá do gach Ballstát cloí le caighdeáin íosta Chomhairle na hEorpa[4] agus CBAE[5]; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí agus atá sé go bhfuil comhairlí na mBreithiúna neamhspleách, nach mór a bheith comhdhéanta de thromlach substaintiúil breithiúna arna dtoghadh ag a bpiaraí a bhfuil údarás substaintiúil acu maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, dul chun cinn agus araíonachta a bhaineann le breithiúna; á chur in iúl gur oth léi go mór nár chomhlíon gach Ballstát a oibleagáidí go hiomlán ina leith sin; á chur in iúl gur saoth léi an tionchar tubaisteach atá ag an neamhchomhlíonadh sin ar neamhspleáchas agus ar shláine a gcóras ceartais;

4. á aithint go ndearnadh obair leantach go pointe áirithe ar bheagnach dhá thrian de na moltaí a eisíodh in 2022 a bhaineann le hathchóirithe tábhachtacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, líon na saincheisteanna a sainaithníodh i dtuarascálacha roimhe seo ar an smacht reachta nár tugadh aghaidh orthu go fóill; ag tathant ar an gCoimisiún leanúint dá fhaireachán dícheallach ar chreataí dlíthiúla na mBallstát chun measúnú a dhéanamh ar a n-ailíniú leis na moltaí thuasluaite, agus á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún éirí níos áitithí maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe criticiúla sin i gcásanna nach gcomhlíonann córais na mBallstát na caighdeáin fhorordaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na moltaí a rinne an Pharlaimint ina rúin roimhe seo;

5. á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht leanúnach a chuirtear ar fáil do gheallsealbhóirí ábhartha trí chláir thiomnaithe, amhail an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna; á chur in iúl gur geal léi an cistiú tríd an gClár um Cheartas chun tacú le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus chun rannchuidiú le ceartas na hEorpa a fhorbairt tuilleadh, lena mbaineann an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a neartú;

6. ag tathant ar an gCoimisiún níos mó infheistíocht a dhéanamh i múscailt feasachta ar luachanna an Aontais agus uirlisí is infheidhme, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil, go háirithe i dtíortha ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha;

7. á aithint go léirítear sa tuarascáil dheireanach go bhfuil méid áirithe dul chun cinn déanta i roinnt Ballstáit éagsúla i leith neamhspleáchas breithiúnach; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, siarchoinneáil chistí an Aontais, más gá, faoin sásra

[4] Faisnéisiú – *Council of Europe standards on judicial independence* [Caighdeáin Chomhairle na hEorpa maidir le neamhspleáchas breithiúnach], Parlaimint na hEorpa, An Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh, an 25 Bealtaine 2021.

[5] Mar shampla, Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) an 27 Feabhra 2018 i gCás C-64/16, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* v *Tribunal de Contas*, ECLI:EU:C:2018:117, nó Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) an 19 Samhain 2019, *A.K.* v *Krajowa Rada Sądownictwa*, Cásanna Uamtha C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, ECLI:EU:C:2019:982. Féach freisin Faisnéisiú – *European Court of Justice case law on judicial independence* [Cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le neamhspleáchas breithiúnach], Parlaimint na hEorpa. An Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh, an 19 Iúil 2021.

coinníollachta[6], mar atá deimhnithe ag CBAE[7], nó faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[8]; á chur i bhfios, áfach, gur cúis bhuartha iad na sáruithe ar neamhspleáchas breithiúnach fós i roinnt Ballstát, amhail nósanna imeachta araíonachta atá fós ar siúl i gcoinne breithiúna mar gheall ar ábhar a gcinntí, fadhbanna le comhdhéanamh chomhairlí na mbreithiúna agus le comhdhéanamh na gcúirteanna náisiúnta is airde i bhfianaise an phrionsabail a bhaineann le cúirt arna bunú de réir dlí, etc.;

8. á mheabhrú go mbíonn buiséad agus maoiniú iomchuí comhlachtaí breithiúna riachtanach chun go mbeidh córas ceartais éifeachtúil cóir ann a áirithíonn rochtain ar an gceartas do chách; á chur in iúl gur oth léi go léirítear fós sa tuarascáil go bhfuil easnaimh mhóra ann ina leith sin, a chuireann bac go sonrach, de réir dealraimh, ar bhreithniú a dhéanamh ar chásanna éillithe ardphróifíle; á chur i bhfáth, áfach, nach mór cúnamh agus réitigh dhlíthiúla leordhóthanacha a bheith ar fáil freisin do na saoránaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, measúnuithe a chur san áireamh, sa chéad tuarascáil eile ar an smacht reachta, ar chur i bhfeidhm *acquis* an Aontais maidir le cúnamh dlíthiúil in ábhair shibhialta agus choiriúla, amhail Treoir 2003/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnamh dlíthiúil i gcás na ndíospóidí sin[9], toisc go léirítear le cásdlí CBAE go bhfuil ceisteanna fós ann faoina léiriú;

9. á mheabhrú nach mór do sheirbhísí ionchúisimh freisin, beag beann ar a ról sa chóras náisiúnta deighilte cumhachtaí idir na trí chraobh den rialtas, a bheith neamhspleách ar bhrú míchuí polaitiúil; ag tabhairt dá haire go bhfuil méid áirithe dul chun cinn déanta i roinnt Ballstát; á chur in iúl, áfach, gur oth léi go bhfuil córais fós ann inar féidir leis an rialtas cinntí ceangailteacha a eisiúint d'ionchúisitheoirí i gcásanna áirithe, i gcás ina bhfuil an téarma oifige faoi cheangal ag próiseas polaitiúil, nó i gcás ina bhfuil feidhmeanna an aire agus an ionchúisitheora ghinearálta comhcheangailte agus dá bhrí sin ina gceadaítear tionchar míchuí polaitiúil a bheith ann agus ina gcruthaítear fadhbanna don aitheantas frithpháirteach[10];

10. á chur i bhfios go láidir, go háirithe, nach bhfuil an tsaincheist faoi 'dhoirse imrothlacha' teoranta amháin do chúiseanna buartha faoi aistriú iar-airí chuig an earnáil phríobháideach tar éis a dtréimhse san oifig phoiblí, ach go dtéann sé chomh fada le cásanna inar féidir le daoine aonair róil ríthábhachtacha a ghlacadh i measc na mbreithiúna nó in oifig an ionchúisitheora díreach tar éis a dtréimhse seirbhísí mar airí nó a gcleamhnachta le páirtí polaitiúil;

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).
[7] Féach Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Iomlán) an 16 Feabhra 2022, *An Ungáir* v *Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-156/21, ECLI:EU:C:2022:97 agus Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Iomlán) an 16 Feabhra 2022, *An Pholainn* v *Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-157/21, ECLI:EU:C:2022:98.
[8] Rialachán (AE) 2012/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).
[9] IO L 26, 31.1.2003, lch. 41, agus an ceartúchán a ghabhann leis, (IO L 32, 7.2.2003, lch. 15).
[10] Mar shampla, Tuairim Uimh. 9 an 17 Nollaig 2014 ó Chomhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha ar noirm agus prionsabail Eorpacha maidir le hionchúisitheoirí.

11. á iarraidh ar an gCoimisiún na samplaí sin a chur san áireamh go hiomchuí ina dtuarascálacha amach anseo ina dtugtar aghaidh ar an smacht reachta laistigh den Aontas Eorpach; ag tathant ar an gCoimisiún a iarraidh go láidir ar na Ballstáit staonadh ó na cleachtais sin, go sonrach, trí fhorálacha dlíthiúla a chur chun feidhme a choisceann go réamhghníomhach ar iar-airí agus ar phearsanra ardchéimiúla polaitiúla róil cheannaireachta a ghlacadh sna hard-chúirteanna breithiúnais nó in oifig an ionchúisitheora, agus dá bhrí sin neamhspleáchas agus sláine na n-institiúidí ríthábhachtacha sin a chosaint;

An comhrac in aghaidh an éillithe

12. á mheabhrú go bhfuil an comhrac in aghaidh an éillithe bunriachtanach chun an smacht reachta a chothabháil agus chun muinín na saoránach as institiúidí poiblí a chaomhnú agus a chothú; á mheabhrú, thairis sin, chun go mbeidh sé éifeachtach, go bhfuil gá le creat láidir dlíthiúil agus riaracháin in aghaidh an éillithe atá bunaithe ar shláine, trédhearcacht agus cuntasacht, eadhon sa saol poiblí, agus béim á leagan ar nochtadh dearbhuithe leasanna agus ar chosaint sceithirí i gcás inarb infheidhme;

13. á chur in iúl gur bagairt é an t-éilliú ar féidir leis córais dhaonlathacha a scriosadh agus an bonn a bhaint ó mhuinín na saoránach as institiúidí, agus nach mór gach cineál éillithe a chomhrac; á chur i bhfios gurb é an t-éilliú an bealach is coitianta trína dtéann an choireacht eagraithe i gcion ar an ngeilleagar agus trína ndéanann sé é a rialú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go léirítear sa Tuarascáil is déanaí nach raibh aon dul chun cinn, nó nach raibh ach dul chun cinn an-mhall déanta i roinnt Ballstát maidir le bearta coisctheacha in aghaidh an éillithe; á chur in iúl gur cúis an-mhór bhuartha di go bhfuil drogall ann cláir brúsctocairí, cláir thrédhearcachta agus córais chuí um dhearbhú sócmhainní do shealbhóirí oifige poiblí agus d'oifigigh shinsearacha a bhunú, agus chomh maith leis sin gur cúis an-mhór bhuartha di go bhfuil easpa toil pholaitiúil ann chun rialacha diana a thabhairt isteach laistigh de bheartais doirse imrothlacha; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá nós imeachta reachtach trédhearcach le rochtain fhorleathan ar dhoiciméid, agus rialacha chun an leibhéal is airde trédhearcachta agus cuntasachta sa riarachán poiblí agus i gcinnteoireacht phoiblí a áirithiú d'fhonn an t-éilliú a chosc[11];

14. á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go gcloífeadh gach institiúid de chuid an Aontais leis na caighdeáin is airde agus is féidir d'fhonn an t-éilliú a chosc, amhail, *inter alia*, cruthú Comhlachta Eitice éifeachtaigh de chuid an Aontais, cur i bhfeidhm iomlán Rialachán 1049/2001[12] maidir le rochtain ar dhoiciméid, agus cur i bhfeidhm iomlán phrionsabal na coinníollachta maidir le Clár Trédhearcachta an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir ar an treoir atá beartaithe maidir leis an éilliú a chomhrac d'fhonn creat coiteann aonchineálach cód iompair, caighdeáin lena gcoisctear coinbhleachtaí leasa agus rialacha lena n-áirithítear

[11] Féach, sa chomhthéacs sin, Airteagal 3 de thogra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Bealtaine 2023 maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2023)0234).

[12] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

trédhearcacht na nósanna imeachta a bhunú;

15. á aithint go bhfuil méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar shuntas cainníochtúil na gcistí arna leithdháileadh ag an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cistí *NextGenerationEU*; á aithint, dá thoradh sin, go bhfuil ríthábhacht le forálacha dlíthiúla a bheith i reachtaíocht na mBallstát, forálacha atá ceaptha chun mí-úsáid na gcistí sin a chosc;

16. á mheabhrú nach bhfuil aon earnáil slán ó bhaol an éillithe, lena n-áirítear iad siúd ina mbainistítear cistí poiblí suntasacha nó rochtain ar bhonneagair agus ar sheirbhísí criticiúla, amhail earnáil an chúraim sláinte agus an earnáil tógála; á chur i bhfáth go bhfuil níos mó tábhachta ag baint leis an ról atá ag grúpaí coireachta eagraithe i ngníomhaíochtaí lena n-áirítear góchumadh, pióráideacht agus sáruithe ar chearta maoine intleachtúla, agus atá tar éis éirí níos measa sa timpeallacht dhigiteach; á mheabhrú gur minic a úsáideann na grúpaí coiriúla a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin na brabúis chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a mhaoiniú;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún, mar chuid de na tuarascálacha ar an smacht reachta atá le teacht, measúnú a ionchorprú ar dhul chun cinn reachtaíocht na mBallstát le blianta beaga anuas a bhaineann le formhaoirseacht ar úsáid iomchuí na gcistí poiblí chomh maith leis na sásraí dlíthiúla atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon úsáid mhíchuí cistí poiblí;

18. ag meabhrú na tacaíochta láidre a bhí ag an bParlaimint i leith bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE); ag aithint an róil thábhachtaigh atá ag OIPE mar chomhlacht neamhspleách de chuid an Aontais maidir le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais; á thabhairt chun suntais, ó thosaigh OIPE a chuid oibríochtaí an 1 Meitheamh 2021, gur chláraigh sé níos mó ná 4 000 tuarascáil ar choireacht ó Bhallstáit rannpháirteacha AE agus ó pháirtithe príobháideacha agus gur cuireadh tús le níos mó ná 929 imscrúdú (amhail ó mhí an Mheithimh 2022);

19. ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, i gcásanna ina bhfaightear amach gur laghdaíodh leibhéal na gcoimircí do chistí poiblí, teagmháil a dhéanamh go mear leis an mBallstát nó leis na Ballstáit dá ndéantar difear, agus iarraidh air nó orthu na bearta is gá a chur chun feidhme go pras chun an fhadhb seo a réiteach;

An tSochaí Shibhialta

20. ag meabhrú rún an 11 Samhain 2021 uaithi maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú san Aontas inar iarr sí ar an gCoimisiún pacáiste dlíthe boga agus crua araon a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an líon méadaitheach cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail, nó SLAPPanna; á chur in iúl gur geal léi an togra reachtach agus an moladh ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 chuig na Ballstáit ina dtugtar aghaidh ar iarraidh na Parlaiminte ina leith sin; á chur i bhfáth gur cineál ar leith ciaptha iad SLAPPanna a úsáidtear go príomha i gcoinne iriseoirí chun cosc a chur orthu labhairt amach ar ábhair a bhaineann le leas an phobail nó chun pionós a ghearradh orthu ina leith sin, trí iad a chur faoi réir cásanna dlí fadálacha, troma agus costasacha; á iarraidh ar na Ballstáit coinneáil suas leis na huaillmhianta sna bearta atá beartaithe agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun sábháilteacht agus cosaint

iriseoirí a fheabhsú;

21. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór bhuartha di, go bhfuil laghdú tagtha ar an iomlán ar an spás don tsochaí shibhialta i roinnt Ballstát, agus gur bagairt thromchúiseach é sin ar an smacht reachta, ar an daonlathas, ar chearta bunúsacha agus ar luachanna eile de chuid an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na dúshláin agus na hionsaithe atá roimh an sochaí sibhialta mar chuid dá mheasúnú bliantúil ar an smacht reachta agus dá chuid oibre tuairiscithe agus conclúidí agus moltaí spriocdhírithe a áireamh ina thuarascáil; á iarraidh an athuair, ina leith sin, go ndíreofaí caibidil ar leith ar staid na sochaí sibhialta sna Ballstáit;

22. ag cur béim ar an bhfíoras nach leor an creat dlíthiúil reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun sochaí shibhialta láidir uile-Eorpach a bhunú agus tacú léi, ar creat é ar gá é a bheith ann don daonlathas; á chreidiúint, dá bhrí sin, go dtabharfar, le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha, cosaint bhreise d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil bac míchuí ar a mbunú agus ar a n-oibríochtaí[13].

[13] Féach, ina leith sin, rún uaithi an 17 Feabhra 2022 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha (IO C 342, 6.9.2022. lch. 225).

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	29.11.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 20 –: 2 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Pascal Arimont, Ilana Cicurel, Geoffroy Didier, Ibán García Del Blanco, Virginie Joron, Pierre Karleskind, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Raffaele Stancanelli, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Daniel Buda, Pascal Durand, Heidi Hautala
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Sylvie Guillaume, Pedro Marques, Anne-Sophie Pelletier

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

20	+
NI	Sabrina Pignedoli
PPE	Pascal Arimont, Daniel Buda, Geoffroy Didier, Jiří Pospíšil, Axel Voss, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos
Renew	Ilana Cicurel, Pierre Karleskind, Karen Melchior, Adrián Vázquez Lázara
S&D	Pascal Durand, Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Pedro Marques, Tiemo Wölken
The Left	Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Heidi Hautala, Sergey Lagodinsky

2	-
ID	Virginie Joron, Gilles Lebreton

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh